An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

# Scoil Uile
# Lá 3
# Clár le haghaidh na Folláine

Ionad Oideachais Mhuineacháin

An Roinn Oideachais agus Scileanna | Department of Education and Skills

www.jct.ie

**Gníomhaíocht 4 - Meaitseáil na gníomhaíochtaí a roghnaigh tú leis na 4 ghné den fholláine thíos.**



**3.1**

## CEITHRE GHNÉ DEN FHOLLÁINE I SCOILEANNA

Is gá na gnéithe seo a chur san áireamh sa phleanáil don fholláine: cultúr; caidrimh; beartas agus pleanáil; agus an curaclam. Dírítear ar na chéad trí ghné sa chuid seo, agus féachtar ar bhealaí inar féidir le pobal scoile uile cabhrú chun an cineál cultúir, caidreamh agus beartas a thógáil lena dtacaítear le folláine an scoláire. Tagann na ceithre ghné sin go maith leis na ceithre réimse gníomhaíochta atá molta in *Treoirlínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaithe* (2013) agus in *Schools for Health in Ireland: Framework for Developing a Health Promoting School.*

Tá plé mionsonraithe ar cheist na folláine agus an curaclam le fáil i gCuid 4.

- Misean agus éiteas na scoile
- An timpeallacht fhisiciúil agus shóisialta
- Cultúr an tseomra ranga
- Teagasc, foghlaim agus measúnú


- Corpoideachas, OSSP agus OSPS
- Treoir
- Ábhair agus eispéiris foghlama eile
- Foghlaim sheach-churaclaim agus comhchuraclaim




- Caidrimh idir an scoláire agus an múinteoir
- Caidrimh le piaraí
- Guth an scoláire
- Comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí/caomhnóirí, leis an bpobal agus tacaíochtaí níos forleithne

- Beartais na scoile
- Féinmheastóireacht scoile
- Pleanáil ábhair agus scoile uile
- Pleanáil le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach

## Gníomhaíocht 5 – Pioc amach na prionsabail a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a roghnaigh tú?



## Gníomhaíocht 10 – Aguisín D



# AGUISÍN D: NA TÁSCAIRÍ FOLLÁINE A ÚSÁID CHUN ATHBHREITHNIÚ A DHÉANAMH AR CHLEACHTAS SCOILE


B'fhéidir go bhféadfaí leas a bhaint as na ceisteanna seo a leanas chun tacú le grúpaí amhail an fhoireann ar fad, ranna ábhair, múinteoirí bliainghrúpa, an pobal scoile níos forleithne lena n-áirítear an fhoireann riaracháin agus choimhdeach chun machnamh a dhéanamh ar chleachtais reatha agus ar conas a chuireann siad nó conas is féidir leo cur, ina n-aonair agus/nó mar ghrúpa, le tacú le dul chun cinn na scoláirí i ndáil le gach ceann de na táscairí.

| I mo ról agus i mo chaidreamh le scoláirí, conas a thacaím lena n-aistear foghlama i dtreo na nithe seo a leanas? | | Fíor | Go pointe áirithe | Ní go fóill |
|---|---|---|---|---|
| **GNÍOMHACH** | • a bheith ina rannpháirtí muiníneach oilte i ngníomhaíocht choirp<br>• a bheith gníomhach go fisiciúil | | | |
| **FREAGRACH** | • a bheith in ann gníomhú chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú<br>• bia sláintiúil a roghnú<br>• a thuiscint cén áit a mbíonn a gcuid sábháilteachta i mbaol, agus cur ar a gcumas na roghanna cearta a ghlacadh | | | |
| **CEANGAILTE** | • a bheith ceangailte lena scoil, lena gcairde, lena bpobal agus leis an saol mór<br>• •a thuiscint conas a théann a gcuid gníomhartha agus idirghníomhaíochtaí i bhfeidhm ar a bhfolláine féin agus ar fholláine daoine eile i gcomhthéacs áitiúil agus domhanda | | | |
| **ATHLÉIMNEACH** | • a bheith muiníneach astu féin agus na scileanna a bheith acu chun déileáil le dúshláin an tsaoil<br>• eolas a bheith acu cén áit ar féidir leo cabhair a fháil<br>• a chreidiúint go n-éireodh go maith leo ach an iarracht a chur isteach | | | |
| **MEAS** | • cúram agus meas a léiriú ar dhaoine eile<br>• caidreamh dearfach le cairde, piaraí agus múinteoirí<br>• a mhothú go n-éistear leo agus go bhfuil meas orthu | | | |
| **FEASACH** | • a bheith feasach ar a gcuid smaointe, mothúchán agus iompar, agus a bheith in ann ciall a bhaint astu<br>• a bheith feasach ar a luachanna pearsanta féin agus machnamh a dhéanamh ar a gcinntí<br>• a bheith feasach orthu féin mar fhoghlaimeoirí agus a thuiscint conas is féidir leo feabhsú | | | |

**Cuimhnigh orthu seo a leanas agus machnamh á dhéanamh ar an gceacht seo:**

| | |
|---|---|
| Cé na táscairí folláine is mó lena bhfuil tú ag tacú, dar leat? | |
| Cé na táscairí folláine a dteastaíonn aird uathu? | |
| Cén t-athrú nó dhó a dhéanfaidh tú chun tacú le dul chun cinn na scoláirí i ndáil leis na táscairí? | |
| Céard a chuir ionadh ort agus an ceacht seo á dhéanamh? | |

**Gníomhaíocht 14 - Measúnú foirmitheach**



## Gníomhaíocht 14 - Táscairí Folláine

| | |
|---|---|
| GNÍOMHACH | • a bheith ina rannpháirtí muiníneach oilte i ngníomhaíocht choirp<br>• a bheith gníomhach go fisiciúil |
| FREAGRACH | • a bheith in ann gníomhú chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú<br>• bia sláintiúil a roghnú<br>• a thuiscint cén áit a mbíonn a gcuid sábháilteachta i mbaol, agus cur ar a gcumas na roghanna cearta a ghlacadh |
| CEANGAILTE | • a bheith ceangailte lena scoil, lena gcairde, lena bpobal agus leis an saol mór<br>• •a thuiscint conas a théann a gcuid gníomhartha agus idirghníomhaíochtaí i bhfeidhm ar a bhfolláine féin agus ar fholláine daoine eile i gcomhthéacs áitiúil agus domhanda |
| ATHLÉIMNEACH | • a bheith muiníneach astu féin agus na scileanna a bheith acu chun déileáil le dúshláin an tsaoil<br>• eolas a bheith acu cén áit ar féidir leo cabhair a fháil<br>• a chreidiúint go n-éireodh go maith leo ach an iarracht a chur isteach |
| MEAS | • cúram agus meas a léiriú ar dhaoine eile<br>• caidreamh dearfach le cairde, piaraí agus múinteoirí<br>• a mhothú go n-éistear leo agus go bhfuil meas orthu |
| FEASACH | • a bheith feasach ar a gcuid smaointe, mothúchán agus iompar, agus a bheith in ann ciall a bhaint astu<br>• a bheith feasach ar a luachanna pearsanta féin agus machnamh a dhéanamh ar a gcinntí |

# Gníomhaíocht 14 - Na príomhscileanna

| **A Bheith Cruthaitheach** | **Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú** | **Mé féin a Bhainistiú** | **Cumarsáid** |
|---|---|---|---|
| Samhlú<br><br>Roghanna agus Comhroghanna a fhiosrú<br><br>Smaointe a chur i bhfeidhm agus beart a dhéanamh<br><br>Foghlaim go cruthaitheach<br><br>Cruthaitheacht a spreagadh trí theicneolaíocht dhigiteach a úsáid | A bheith fiosrach<br><br>Eolas agus sonraí a bhailiú, a thaifeadadh agus a luacháil<br><br>Smaoineamh go cruthaitheach agus go grinn<br><br>Machnamh ar mo chuid foghlama agus í a luacháil<br><br>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun teacht ar ábhar, é a bhainistiú agus a roinnt | Eolas a chur orm féin<br><br>Cinntí meabhraithe a dhéanamh<br><br>Spriocanna pearsanta a leagan agus a ghnóthú<br><br>Bheith in ann machnamh ar m'fhoghlaim féin<br><br>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun mé féin agus mo chuid foghlama a bhainistiú | Éisteacht agus mo thuairimí a nochtadh<br><br>Taibhiú agus cur i láthair<br><br>Plé agus díospóireacht<br><br>Teanga a úsáid<br><br>Uimhreacha a úsáid<br><br>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh |
| **Obair le Daoine Eile** | **Fanacht Folláin** | **A Bheith Liteartha** | **A Bheith Uimheartha** |
| Dea-chaidrimh a chothú agus déileáil le coimhlint<br><br>Comhoibriú<br><br>Meas ar dhifríochtaí<br><br>Páirt a ghlacadh chun áit níos fearr a dhéanamh den domhan<br><br>Foghlaim le daoine eile<br><br>Obair le daoine eile trí theicneolaíocht dhigiteach | A bheith sláintiúil, fisiceach agus gníomhach<br><br>A bheith sóisialta<br><br>A bheith sábháilte<br><br>A bheith spioradálta<br><br>A bheith féinmhuiníneach<br><br>A bheith dearfach faoin bhfoghlaim<br><br>A bheith freagrach, slán agus eiticiúil ag úsáid teicneolaíocht dhigiteach | Mo thuiscint ar fhocail agus ar theanga agus an taitneamh a bhainim astu a fhorbairt<br><br>Léamh ar son aoibhnis agus le tuiscint chriticiúil<br><br>Scríobh i gcomhair cuspóirí difriúla Smaointe a chur in iúl go soiléir agus le cruinneas<br><br>Mo theanga labhartha a fhorbairt<br><br>Téacsanna éagsúla a fhiosrú agus a chruthú, lena n-áirítear téacsanna ilmhódacha | Smaointe a chur in iúl go matamaiticiúil<br><br>Meastachán, tuar agus ríomh a dhéanamh<br><br>Meon dearfach a fhorbairt i leith iniúchta, réasúnaíochta agus réiteach fadhbanna<br><br>Patrúin, treochtaí agus coibhneasa a fheiceáil<br><br>Sonraí a bhailiú, a léirmhíniú agus a léiriú<br><br>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun scileanna agus tuiscint uimhearthachta a fhorbairt |

# Gníomhaíocht 18 – Ag breathnú ar an scoil againne:
## A) Cad ba mhaith liom do mo chuid scoláirí?



## Na ráitis ar chleachtas – teagasc agus foghlaim

### RÉIMSE 1: TORTHAÍ NA bhFOGHLAIMEOIRÍ

| CAIGHDEÁIN | RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA | RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA |
|---|---|---|
| **Baineann scoláirí taitneamh as a gcuid foghlama, tá siad spreagtha chun foghlama, agus tá siad ag súil le gnóthachtáil mar fhoghlaimeoirí** | Tá an taitneamh a bhaineann na scoláirí as an bhfoghlaim soiléir agus go minic tá sé nasctha le mothúchán go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh acu agus iad ag gnóthachtáil. Cuidíonn a rannpháirtíocht leis an bhfoghlaim lena mothúchán folláine.<br><br>Spreagtar na scoláirí chun foghlama, agus bíonn sé seo nasctha go minic le mothúchán soiléir a bheith acu de thorthaí foghlama insroichte.<br><br>Féachann na scoláirí orthu féin mar fhoghlaimeoirí agus léiríonn siad é seo ina gcur chuige dearfach i dtaca le hobair ranga agus obair bhaile. | Tá an taitneamh a bhaineann na scoláirí as an bhfoghlaim soiléir **agus eascraíonn sé as** mothúchán go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh acu agus iad ag gnóthachtáil. Cuidíonn a rannpháirtíocht leis an bhfoghlaim lena mothúchán folláine.<br><br>Spreagtar na scoláirí chun foghlama **trí mhothúchán soiléir a bheith acu** de thorthaí foghlama insroichte agus **dúshlánacha**.<br><br>Féachann na scoláirí orthu féin mar fhoghlaimeoirí agus léiríonn siad é seo ina gcur chuige dearfach agus **athmhachnamhach** i dtaca le hobair ranga agus obair bhaile. |
| **Tá an t-eolas agus na scileanna riachtanacha ag na scoláirí chun iad féin agus a gcaidreamh a thuiscint** | Léiríonn na scoláirí eolas, atá oiriúnach dá gcéim san fhorbairt, ar a gcuid iompraíochta mar dhaoine aonair agus mar bhaill de ghrúpa. Tá siad ábalta an t-eolas seo a úsáid chun staideanna a bhainistiú agus chun tacú lena gcuid folláine.<br><br>Tá na scileanna ag na scoláirí chun a gcuid iompraíochta a leasú agus a chur in oiriúint nuair is gá.<br><br>Léiríonn na scoláirí dearcadh fiosrach fúthu féin agus faoi dhaoine timpeall orthu. | Léiríonn na scoláirí eolas, atá oiriúnach dá gcéim san fhorbairt, ar a gcuid iompraíochta mar dhaoine aonair agus mar bhaill de ghrúpa. **Úsáideann siad an t-eolas seo go cásmhar** chun staideanna a bhainistiú agus chun tacú lena gcuid folláine.<br><br>Tá na scileanna ag na scoláirí chun a gcuid iompraíochta a leasú agus a chur in oiriúint nuair is gá, agus **aithníonn siad féin an gá chun é seo a dhéanamh.**<br><br>Léiríonn na scoláirí dearcadh fiosrach agus **oscailte** fúthu féin agus faoi dhaoine timpeall orthu. |
| **Léiríonn na scoláirí an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint atá de dhíth ar churaclam na hiar-bhunscoile** | Forbraítear scileanna na scoláirí a bhaineann go sainiúil le hábhair i gcomhréir leis na torthaí foghlama ábhartha don siollabas, sonrúchán nó cúrsa.<br><br>Léiríonn na scoláirí eolas ábhair agus scil ábhair atá go maith ag leibhéal cuí, agus léiríonn siad é seo ag na pointí measúnaithe cuí sa bhliain nó sa tsraith.<br><br>Tá inniúlacht bainte amach i gcoitinne ag scoláirí na Sraithe Sóisearaí sna príomhscileanna forordaithe atá iomchuí dá gcéim sa tsraith.<br><br>Tá inniúlacht bainte amach i gcoitinne ag scoláirí na Sraithe Sinsearaí sna scileanna atá de dhíth don fhoghlaim rathúil sna cláir atá leanúint acu. | Forbraítear scileanna na scoláirí a bhaineann go sainiúil le hábhair i gcomhréir leis na torthaí foghlama ábhartha don siollabas, sonrúchán nó cúrsa.<br><br>Léiríonn na scoláirí eolas ábhair agus scil ábhair atá **an-mhaith** ag leibhéal cuí, agus léiríonn siad é seo ag na pointí measúnaithe cuí sa bhliain nó sa tsraith.<br><br>Tá inniúlacht **bainte amach** ag scoláirí na Sraithe Sóisearaí sna príomhscileanna forordaithe atá iomchuí dá gcéim sa tsraith.<br><br>Tá inniúlacht **bainte amach** ag scoláirí na Sraithe Sinsearaí sna scileanna atá de dhíth don fhoghlaim rathúil sna cláir atá leanúint acu. |

## B) Roghnaigh gné de do chleachtas a bhféadfá díriú uirthi.



### RÉIMSE 3: CLEACHTAS AONAIR NA MÚINTEOIRÍ

| CAIGHDEÁIN | RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA | RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA |
|---|---|---|
| **Tá an t-eolas ábhair, an t-eolas oideolaíochta agus na scileanna bainistíochta seomra ranga riachtanacha ag an múinteoir** | Tá na cáilíochtaí gairmiúla riachtanacha ag na múinteoirí agus tá páirt glactha acu i raon d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL). | Tá na cáilíochtaí gairmiúla riachtanacha ag na múinteoirí agus tá páirt glactha acu i raon d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) atá **ábhartha d'fhoghlaim na scoláirí.** |
| | Cruthaíonn na múinteoirí timpeallacht foghlama atá cuimsitheach, ordúil agus dírithe ar na scoláirí agus atá bunaithe ar mheas, dearbhú agus muinín frithpháirteach. | Cruthaíonn na múinteoirí timpeallacht foghlama atá cuimsitheach, ordúil agus dírithe ar na scoláirí agus atá bunaithe ar mheas, dearbhú agus muinín frithpháirteach, **ina ndéanann na scoláirí rialú agus monatóireacht ar a gcuid iompraíochta féin.** |
| | Tá ionchais arda ag na múinteoirí d'obair agus iompraíocht na scoláirí, agus cuireann siad na hionchais sin in iúl go héifeachtach do na scoláirí. | Tá ionchais arda ag na múinteoirí d'obair agus iompraíocht na scoláirí, agus cuireann siad na hionchais sin in iúl go héifeachtach do na scoláirí, agus **cuidíonn siad leis na scoláirí iad a fhoghlaim.** |
| | Léiríonn na múinteoirí cumas agus inniúlacht sna scileanna agus eolas ar a réimsí ábhair. | Léiríonn na múinteoirí cumas agus inniúlacht sna scileanna agus eolas ar a réimsí ábhair agus **tá siad ábalta iad seo a nascadh le réimsí eile ar fud an churaclaim agus taobh amuigh de.** |
| | Léiríonn na múinteoirí cumas agus inniúlacht sna scileanna oideolaíochta atá de dhíth ina réimse ábhair. | Léiríonn na múinteoirí cumas agus inniúlacht sna scileanna oideolaíochta atá de dhíth ina réimse ábhair agus **chun foghlaim na scoláirí a fhorbairt ar fud an churaclaim agus taobh amuigh de.** |
| | Trína ndíograis féin agus an taitneamh a bhaineann siad as a réimse ábhair, spreagann na múinteoirí na scoláirí chun páirt a ghlacadh ina bhfoghlaim agus taitneamh a bhaint aisti. | **Deilbhíonn** na múinteoirí díograis agus taitneamh san fhoghlaim, agus **ar an mbealach sin cruthaíonn siad timpeallacht foghlama ina mbíonn na scoláirí féinspreagtha** chun páirt a ghlacadh ina bhfoghlaim, í a **leathnú** agus taitneamh a bhaint aisti. |

**c) Cén tionchar a bheidh ag an bhfócas seo ar eispéiris scoláirí sa seomra ranga?**



## RÉIMSE 2: EISPÉIRIS NA bhFOGHLAIMEOIRÍ

| CAIGHDEÁIN | RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA | RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA |
|---|---|---|
| **Glacann na scoláirí páirt go tairbheach i ngníomhaíochtaí foghlama fiúntacha** | Léiríonn na scoláirí leibhéil arda spéise agus rannpháirtíochta san fhoghlaim.<br><br>Thig leo obair a dhéanamh go neamhspleách agus go comhoibríoch ar bhealach fiúntach.<br><br>Tuigeann siad an aidhm atá leis na tascanna foghlama ina bhfuil siad páirteach agus tá siad ábalta iad a mhíniú.<br><br>Tá siad ábalta tuairisciú ar an bpróiseas agus ar thorthaí na ngníomhaíochtaí foghlama, iad a chur i láthair agus iad a mhíniú, go leibhéal cumasach. | Léiríonn na scoláirí leibhéil **an-arda** spéise agus rannpháirtíochta san fhoghlaim.<br><br>Thig leo obair a dhéanamh go neamhspleách agus go comhoibríoch ar bhealach **an-chuspóireach agus an-táirgiúil.**<br><br>Tuigeann siad an aidhm atá leis na tascanna foghlama ina bhfuil siad páirteach agus tá siad ábalta iad a mhíniú, agus **tá siad ábalta an ghníomhaíocht a leathnú agus a fhorbairt go fiúntach.**<br><br>Tá siad ábalta tuairisciú ar an bpróiseas agus ar thorthaí na ngníomhaíochtaí foghlama, iad a chur i láthair agus iad a mhíniú, go leibhéal **an-chumasach.** |
| **Fásann na scoláirí mar fhoghlaimeoirí trí idirghníomhaíochtaí ómósacha agus eispéiris atá dúshlánach agus tacaíoch** | Bíonn idirghníomhaíochtaí i measc na scoláirí agus idir na scoláirí agus múinteoirí ómósach agus dearfach, agus cuiditheach don fholláine.<br><br>Tacaíonn caidreamh agus idirghníomhaíochtaí i seomraí ranga agus limistéir fhoghlama le timpeallacht foghlama atá comhoibríoch agus táirgiúil.<br><br>Tugann eispéiris na scoláirí mar fhoghlaimeoirí léiriú maith ar an gcaoi ina dtuigtear agus ina gcuirtear an cód iompraíochta i bhfeidhm.<br><br>Mothaíonn na scoláirí go bhfuil siad ábalta a gcuid tuairimí agus a gcuid eispéireas a chur in iúl sa phlé ranga. Éisteann siad go hómósach le tuairimí agus le heispéiris a gcomhscoláirí sa rang.<br><br>Cuireann siad ceisteanna agus molann siad réitigh indéanta go muiníneach. Tá siad sásta dul sa tseans le freagraí míchearta, agus glacann siad leis go bhfuil botúin mar chuid den phróiseas foghlama.<br><br>Léiríonn siad leibhéal dóthanach de spreagadh chun páirt a ghlacadh agus chun leanúint le hobair a bhfuil méadú sa dúshlán inti. | Bíonn idirghníomhaíochtaí i measc na scoláirí agus idir na scoláirí agus múinteoirí **an-ómósach agus dearfach,** agus cuiditheach don fholláine.<br><br>**Cruthaíonn agus coinníonn** caidreamh agus idirghníomhaíochtaí i seomraí ranga agus limistéir fhoghlama timpeallacht foghlama atá comhoibríoch agus táirgiúil.<br><br>Tugann eispéiris na scoláirí mar fhoghlaimeoirí léiriú **maith comhsheasmhach** ar an gcaoi ina dtuigtear agus ina gcuirtear an cód iompraíochta i bhfeidhm.<br><br>Cuireann na scoláirí a gcuid tuairimí agus a gcuid eispéireas in iúl sa phlé ranga **go muiníneach.** Tá **meas acu agus suim acu** i dtuairimí agus eispéiris a gcomhscoláirí sa rang.<br><br>Cuireann siad ceisteanna agus molann siad réitigh indéanta **go han-mhuiníneach.** Tá siad sásta dul sa tseans le freagraí míchearta, agus **tuigeann siad an luach atá le botúin a dhéanamh, ag baint úsáide astu mar dheiseanna foghlama.**<br><br>Léiríonn siad **leibhéal ard de spreagadh,** agus **baineann siad taitneamh as páirt a ghlacadh agus leanúint le** hobair a bhfuil méadú sa dúshlán inti. |

## d) Aibhsigh na ráitis a chuireann síos ar an méid atá déanta agaibh inniu.



### RÉIMSE 4: CLEACHTAS COMHCHOITEANN/COMHOIBRÍOCH NA MÚINTEOIRÍ

| CAIGHDEÁIN | RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA | RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA |
|---|---|---|
| **Tá meas ag na múinteoirí ar an bhforbairt ghairmiúil agus ar an gcomhoibriú gairmiúil agus glacann siad páirt iontu** | Aithníonn na múinteoirí go bhfuil an fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) agus comhoibriú lárnach ina gcuid oibre. | Aithníonn agus **dearbhaíonn** na múinteoirí go bhfuil an fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) agus comhoibriú lárnach ina gcuid oibre. |
| | Baineann na múinteoirí úsáid as am do chruinnithe foirmiúla agus don phleanáil chun athmhachnamh a dhéanamh lena chéile ar a gcuid oibre. | Baineann na múinteoirí úsáid as am do chruinnithe foirmiúla agus don phleanáil chun athmhachnamh a dhéanamh lena chéile ar a gcuid oibre. |
| | Glacann na múinteoirí páirt go gníomhach agus go táirgiúil le soláthraithe éagsúla FGL lena n-áirítear FGL eagraithe scoilbhunaithe. | **Is í an scoil an phríomhionad do FGL na múinteoirí** agus glacann na múinteoirí páirt go gníomhach agus go táirgiúil i gcláir FGL. |
| | Ainmníonn agus gabhann na múinteoirí don FGL a fhorbraíonn a gcleachtas féin agus a shásaíonn riachtanais na scoláirí agus na scoile. | Ainmníonn agus gabhann na múinteoirí don FGL a fhorbraíonn a gcleachtas féin, a shásaíonn riachtanais na scoláirí agus na scoile, agus a **fheabhsaíonn comhchleachtas.** |
| | Breathnaíonn na múinteoirí ar chomhoibriú mar bhealach chun feabhas a chur ar fhoghlaim na scoláirí agus chun feabhas a chur ar a bhforbairt ghairmiúil féin. Gabhann siad do chleachtas cuiditheach comhoibríoch. | Breathnaíonn na múinteoirí ar chomhoibriú mar bhealach chun feabhas a chur ar fhoghlaim na scoláirí agus chun feabhas a chur ar a bhforbairt ghairmiúil féin. Gabhann siad do chleachtas cuiditheach comhoibríoch, agus **don athbhreithniú comhoibríoch ar chleachtas.** |
| | Cuireann na múinteoirí cuir chuige scoile uile i leith an teagaisc agus na foghlama i bhfeidhm chun feabhas a chur ar eispéiris agus torthaí na scoláirí. | **Comhaontaíonn na múinteoirí le chéile** agus cuireann siad cuir chuige scoile uile i leith an teagaisc agus na foghlama i bhfeidhm chun feabhas a chur ar eispéiris agus torthaí na scoláirí. |
| **Oibríonn na múinteoirí le chéile chun deiseanna foghlama a cheapadh do scoláirí ar fud an churaclaim agus taobh amuigh de** | Déanann na múinteoirí pleanáil go comhoibríoch do ghníomhaíochtaí foghlama a chuireann ar chumas na scoláirí naisc fhiúntacha a dhéanamh idir an fhoghlaim in ábhair éagsúla. | Déanann na múinteoirí pleanáil go comhoibríoch do ghníomhaíochtaí foghlama a chuireann ar chumas na scoláirí naisc atá fiúntach agus **atá níos dúshlánaí de réir a chéile** a dhéanamh idir an fhoghlaim in ábhair éagsúla. |
| | Déanann na múinteoirí pleanáil go comhoibríoch ar eispéiris foghlama a chuidíonn leis na scoláirí an fhoghlaim a fheiceáil mar iarracht iomlánaíoch ar feadh an tsaoil. | Déanann na múinteoirí pleanáil go comhoibríoch ar eispéiris foghlama **a chuidíonn agus a chumasaíonn** na scoláirí chun an fhoghlaim a fheiceáil mar iarracht iomlánaíoch ar feadh an tsaoil. |
| | Oibríonn na múinteoirí go héifeachtach lena chéile agus leis na tuismitheoirí chun tacú le scoláirí a bhfuil riachtanais foghlama aitheanta acu. | Oibríonn na múinteoirí **go han-éifeachtach** lena chéile agus leis na tuismitheoirí chun tacú le scoláirí a bhfuil riachtanais foghlama aitheanta acu. |
| | Úsáideann na múinteoirí cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí agus cumarsáid eile leis na tuismitheoirí go cuiditheach chun tacú le rannpháirtíocht bhríoch na dtuismitheoirí in oideachas a leanaí. | Úsáideann na múinteoirí cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí agus cumarsáid eile leis na tuismitheoirí **go han-chuiditheach** chun tacú le rannpháirtíocht bhríoch na dtuismitheoirí in oideachas a leanaí agus a **bhforbairt mar fhoghlaimeoirí.** |
| | Comhoibríonn na múinteoirí le pearsanra seachtrach ábhartha agus cuí chun eispéiris foghlama fhiúntacha a sholáthar do na scoláirí. | Comhoibríonn na múinteoirí le pearsanra seachtrach ábhartha agus cuí chun eispéiris foghlama fhiúntacha a sholáthar do na scoláirí, agus **oibríonn siad le chéile chun a chinntiú go ndéantar an fhoghlaim a chomhtháthú.** |

**NÓTAÍ**

## NÓTAÍ

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

**Sonraí Teagmhála**


Oifig Riaracháin:

Ionad Oideachais Mhuineacháin,

Bóthar Ard Mhacha,

Muineachán.

[www.metc.ie](http://www.metc.ie)

Oifig an Stiúrthóra:

LMETB,

Sráid an tSéipéil,

Dún Dealgan


Má bhíonn aon cheist agat, déan teagmháil le info@jct.ie

Lean muid ar Twitter

@JCforTeachers

www.jct.ie

www.juniorcycle.ie

www.ncca.ie

www.curriculumonline.ie

www.schoolself-evaluation.ie